

**Foirm Thuairisce ar Mhí-Úsáid Chúlghabhálach (RARF) – Treoirnótaí – Samhain 2017:**

Tagraíonn an téarma mí-úsáid chúlghabhálach le mí-úsáid a d'fhulaing duine fásta a tharla le linn a óige. I dtéarmaí mí-úsáide cúlghabhálaí, ní mór tuairisc a dhéanamh chuig Tusla áit a bhféadfadh go mbeadh riosca reatha nó féideartha ann do leanaí ón duine a bhfuil líomhain ina choinne.

Tugtar mí-úsáid stairiúil ar mhí-úsáid chúlghabhálach chomh maith.

Tá an fhoirm seo lena húsáid ag:

- Duine fásta a nochtann gur tharla mí-úsáid le linn a óige;
- Aon duine gairmiúil, duine aonair nó grúpa atá páirteach i seirbhísí a dhéileálann le daoine fásta atá ag freastal ar chomhairleoireacht, síciteiripe, nó aon chineál seirbhísí folláine mothúchánaí nó tacaíochta;
- Aon duine gairmiúil, duine aonair nó grúpa atá páirteach i sláinte nó i meabhairshláinte daoine fásta nó seirbhísí ábhartha eile;
- Aon duine gairmiúil, duine aonair nó seirbhís atá bainteach le cúram a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa phobal;
- Daoine gairmiúla agus daoine aonair a bhfuil baint acu le soláthar seirbhísí cosanta leanaí agus seirbhísí a bhaineann le leas an phobail a bhfuil conarthaí seirbhíse acu le Tusla;
- Daoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, mar a shonraítear i Sceideal 2 den Acht;
- Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe in aon eagraíocht.

Ceadaíonn Cuid 4 den Fhoirm seo do dhaoine / do ghairmithe (ar a dtugtar Tríú Páirtí) tuairisc a dhéanamh thar ceann duine eile (ar a dtugtar 'gearánach fásta'). Sa chuid seo, caithfidh tú a lua cibé an tuairisc shainordaithe í an tuairisc agus, más amhlaidh, do chatagóir gairme faoi "Cineál an Duine Sainordaithe" a lua.

Comhlánaigh an oiread eolais agus mionsonraí agus atá ar eolas agat. Cuideoidh sé seo le Tusla agus le Roinn na hOibre Sóisialta an tuairisc a scagadh, measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca agus, nuair is gá, stádas tosaíochta a shannadh don chás. Mura bhfuil an t-eolas a iarrtar ort ar eolas agat, cuir é sin in iúl trí líne a chur tríd an gceist. Is dócha go ndéanfaidh oibrí sóisialta teagmháil leat chun do thuairisc a phlé.

Tá sé mar aidhm ag Tusla oibriú i gcomhpháirtíocht le gearánaigh fásta, daoine a bhfuil líomhaintí mí-úsáide ina gcoinne, tuismitheoirí agus daoine eile. Má tá an tuairisc seo á dhéanamh agat faoi rún, ba cheart duit a thabhairt ar aird nach féidir le Tusla rúndacht iomlán a dheimhniú ar na cúiseanna seo a leanas:

- D'fhéadfadh Cúirt a ordú go nochtfaí an fhaisnéis;
- Faoin na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003, féadfaidh an Coimisinéir Faisnéise a ordú go nochtfaí faisnéis;
- Tá aon duine a bhfuil líomhaintí mí-úsáide á ndéanamh ina c(h)oinne i dteideal nós imeachta cóir; ach d'fhéadfadh sé gur gá go mbeadh an ceart sin tánaisteach maidir le cosaint leanaí atá i mbaol áfach. Baineann an ceart maidir le nós imeachta cóir le daoine fásta, déagóirí agus leanaí a bhfuil líomhaintí á ndéanamh ina gcoinne chomh maith.

Ba chóir duit a thabhairt ar aird freisin, nuair a dhéanann tú tuairisc bona fide', tá tú faoi chosaint faoin Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998.

**Ní mór aird a thabhairt freisin ar fhreagrachtaí faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád) 2012, atá i dteannta le haon riachtanas tuairiscithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 nó faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí.**

Mura bhfuil tú cinnte cibé ar chóir duit d'ábhair inní a thuairisciú, cuir gloch ar an oibrí sóisialta Tusla ar dualgas agus pléigh na hábhair inní leo (féach <http://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/contact-a-social-worker/> chun sonraí teagmhála áitiúla a fháil.

Is féidir teacht ar leagan MSWord den Fhoirm Thuairisce ar Mhí-Úsáid Chúlghabhálach ag <http://www.tusla.ie/children-first/publications-and-forms/>.